

V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

COISTE NA RÉIGIÚN

FÓGRA FOLÚNTAIS Uimh. COR/AD 14/5 BIS/21

Stiúirthóir (F/B) ⁽¹⁾

An Stiúirthóireacht	Stiúirthóireacht um Chomhaltaí, Seisiúin Iomlánacha, agus Straitéis
Folúntas	AD 14
Cineál poist	STIÚRTHÓIR
	Arna fhoilsiú faoi Airteagal 29(2) de na Rialacháin Foirne
	Arna fhoilsiú go comhuaineach faoi Airteagal 29(1) de na Rialacháin Foirne
Dáta an fhoilsithe	10 Márta 2021
Spriocdháta:	Meán Iae (am na Bruiséile) an 23 Aibreán 2021

1. Timpeallacht oibre

Is tionól polaitiúil é Coiste Eorpach na Réigiún (CnaR) a bhfuil ról institiúideach AE aige de bhun an Chonartha ar an Aontas Eorpach agus de bhun an Chonartha ar fheidhmiú an Aontais Eorpaigh mar chomhlacht a chuireann comhairle ar Pharlaimint na hEorpa, ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún Eorpach. Is uachtaráin thofa ar réigiún, comhairleoirí réigiúnacha, méaraí agus comhairleoirí áitiúla iad ár 329 gcomhalta agus ár 329 gcomhalta mhalartacha atá freagrach go daonlathach do na saoránaigh. Déanann siad ionadaíocht ar thart ar aon mhíliúin polaiteoir tofa réigiúnach agus áitiúil ar leibhéal an Aontais. Tríd an obair a dhéantar faoi chúram na sé choimisiún agus ag na seisiúin iomlánacha, oibríonn ár gcomhaltaí ar thuairimí polaitiúla maidir le dréachtreachtaíocht AE agus vótálann siad orthu, reáchtálann siad díospóireachtaí polaitiúla agus glacann siad páirt i bpróiseas reachtach an Aontais agus i socrú chlár oibre an Aontais ⁽²⁾.

Tá ceithre aonad ina bhfuil thart ar 50 oifigeach agus ball foirne eile sa Stiúirthóireacht um Chomhaltaí, Seisiúin Iomlánacha agus Straitéis (Stiúirthóireacht A). Is iad seo a leanas príomhchúraimí na Stiúirthóireachta:

- pleanáil straitéiseach, comhordú cothrománach agus réamhamharc a áirithiú,
- cruinnithe den Tionól Iomlánach, den Bhiúró agus de Chomhdháil na nUachtarán a ullmhú agus a reáchtáil,
- caidreamh éifeachtach a éascú le hinstitiúidí eile an Aontais, leis an gComhdháil um Údarás Áitiúla agus Réigiúnach na hEorpa i gComhairle na hEorpa agus le comhlachais Eorpacha agus náisiúnta de na húdaráis áitiúla agus réigiúnach,
- eagrú lóistíochtúil na gcomhlachtaí reachtúla uile atá in CnaR a éascú,

⁽¹⁾ Aon tagairt a dhéantar san fhógra seo d'fhireannach glacfar leis gur ag tagairt do bhaineannach atáthar freisin.

⁽²⁾ Má tá tuilleadh eolais uait ar Choiste Eorpach na Réigiún agus ar na tosaíochtaí polaitiúla atá aige dá théarma cúig bliana, féach an nasc seo a leanas: An Eoraip a thabhairt níos cóngaraí dá saoránaigh – tosaíochtaí polaitiúla Choiste Eorpach na Réigiún do 2020-2025

- seirbhísí éifeachtúla airgeadais, lóistíochtúla agus teicniúla a chur ar fáil do na comhaltaí, na toscaireachtaí náisiúnta agus na grúpaí polaitiúla.
- Ó 2022 amach, bainisteoidh an Stiúrthóireacht gach gné phrótacail a bhaineann le searmanais agus imeachtaí oifigiúla, maille le comhfhreagras institiúideach CnaR.

2. Tuairisc ghairid ar na príomhfhreagrachtaí

Oibríonn an Stiúrthóir faoi údarás díreach an Ardrúnaí agus bíonn air nó uirthi an Stiúrthóireacht um Chomhaltaí, Seisiúin Iomlánacha agus Straitéis a bhainistiú.

Chun an leibhéal is airde éagsúlachta i measc bainisteoirí sinseara a áirithiú, más rud é go mbíonn an tuilleanas céanna ag roinnt iarrthóirí a bhfuil iarratas á dhéanamh acu faoin gcatagóir chéanna (Airteagal 29(1)(a), (b) nó Airteagal 29(2) in ord íslitheach tosaíochta), tabharfar tús áite d'iarrthóirí ar mná iad.

3. Dualgais

Áirítear na cúraimí seo a leanas ar phríomhchúraimí Stiúrthóir na Stiúrthóireachta um Chomhaltaí, Seisiúin Iomlánacha, agus Straitéis:

- rannchuidiú le foireann bainistíochta sinsearaí na hinstiúide, faoi cheannaireacht agus faoi fhreagracht an Ardrúnaí;
- cuidiú go hiomlán, faoi chuimsiú shainchúraimí na Stiúrthóireachta, le hobair na gcomhlachtaí reachtúla uile atá in CnaR: an Uachtaránacht, Comhdháil na nUachtarán, an Tionól Iomlánach, an Biúró agus na coimisiúin;
- gníomhaíochtaí a dhéanann an Stiúrthóireacht a phleanáil, a eagrú agus a chomhordú d'fhonn gníomhaíochtaí na hinstiúide a chuíchóiriú, lena n-áirítear eagrú rianúil na gcruinnithe reachtúla agus neamhreachtúla;
- seirbhísí airgeadais, lóistíochtúla agus teicniúla den chéad scoth a chur ar fáil do na comhaltaí trí uirlisí nua-aimseartha digiteacha lena n-éascaítear oibríochtaí laethúla agus lena n-áirithítear a n-idir-inoibritheacht le córais inmheánacha nó idirinstiúideacha eile;
- faireachán a dhéanamh ar mhórfhorbairtí polaitiúla agus institiúideacha, tionscnaimh straitéiseacha a mholadh a bhaineann le clár oibre polaitiúil an Aontais Eorpaigh agus pleanáil straitéiseach trasearnála agus chomhordaithe a áirithiú maidir le cinní agus gníomhaíochtaí CnaR;
- caidreamh idirinstiúideach éifeachtach a bhunú agus comhordú a dhéanamh leis na Stiúrthóireachtaí eile chun go bhféadfaidh CnaR an tionchar is fearr is féidir a imirt ar phróiseas reachtach an Aontais;
- an lárionad doiciméadúcháin/leabharlann in CnaR a réachtáil agus gníomhaíochtaí/staidéir réamhamhairc agus taighde de chuid CnaR a eagrú i ndlúthchomhar leis na Stiúrthóireachtaí eile, le hinstiúidí eile, le meithleacha machnaimh, le hollscoileanna agus le comhpháirtithe eile;
- comhordú a dhéanamh ar gach gné phrótacail a bhaineann le searmanais agus imeachtaí oifigiúla agus comhfhreagras institiúideach na hinstiúide a eagrú i ndlúthchomhar le seirbhísí eile, le *cabinet* an Uachtaráin agus le *cabinet* an Ardrúnaí;
- línte cumarsáide den chéad scoth a chothabháil le comhaltaí CnaR faoi chuimsiú shainchúraimí na Stiúrthóireachta agus caidreamh éifeachtach a eagrú le toscaireachtaí náisiúnta CnaR agus le comhlachais Eorpacha agus náisiúnta de na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha;
- obair na nGrúpaí Ardleibhéil in CnaR maidir leis an “Daonlathas Eorpach” agus leis an gComhdháil um Údaráis Áitiúla agus Réigiúnacha na hEorpa a eagrú;
- cáilíocht na hoibre a dhéantar laistigh den Stiúrthóireacht a áirithiú;
- cumarsáid inmheánach a áirithiú laistigh den Stiúrthóireacht agus le Stiúrthóireachtaí agus ranna eile na hArdrúnaíochta;
- bainistíocht fhóna acmhainní airgeadais agus daonna na Stiúrthóireachta a áirithiú trí thionchar na hinstiúide a uasmhéadú ó thaobh a príomhthosaíochtaí de;
- freagrachtaí an oifigigh údarúcháin trí fho-tharmligean a chur i gcrích laistigh de na teorainneacha atá leagtha síos.

4. Critéir incháilitheachta

Iarrthóirí a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas ar an dáta atá socraithe chun iarratais a chur isteach, beidh siad in ann páirt a ghlacadh sa nós imeachta roghnúcháin:

- a bheith ina náisiúnach de cheann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh;
- lánchearta mar shaoránach a bheith acu agus a bheith in ann teistiméireachtaí carachtair iomchuí a chur ar fáil maidir lena oiriúnaí atá siad do na dualgais a bheidh le comhlíonadh;
- aon oibleagáidí faoi na dlíthe a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta acu;
- a bheith faoi bhun na haoise scoir, a dtiocfaidh éifeacht léi, i gcás oifigigh agus bhaill foirne eile an Aontais Eorpaigh, ag deireadh na míosa sin ina mbeidh siad 66 bliana d'aois;
- a bheith corpacmhainneach chun na dualgais a chomhlíonadh – cinnteofar sin trí scrúdú a dhéanfaidh oifigeach leighis CnaR ar an iarrthóir rathúil sula ndéanfar aon cheapachán;
- leibhéal ardoideachais arb ionann é agus timthriall iomlán staidéir ollscoile dar críoch céim a bhaint i gcás inar mhair gnáthfhad na tréimhse staidéir sin ceithre bliana nó níos mó, nó leibhéal oideachais arb ionann é agus timthriall iomlán staidéir ollscoile dar críoch céim a bhaint agus tréimhse bliana ar a laghad de thairbhí ghairmiúil ábhartha ina dhiaidh sin i gcás inar mhair gnáthfhad na tréimhse staidéir sin trí bliana ar a laghad;
- tairbhí ghairmiúil cúig bliana déag ar a laghad i réimse a bhaineann leis an bpost. As na cúig bliana déag thuasluaite, níor mhór cúig bliana díobh ar a laghad a bheith caite i bpost bainistíochta (cineál poist: ceann aonaid nó a choibhéis nó níos airde).
- sáreolas ar cheann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh mar phríomhtheanga agus eolas sásúil ar a laghad ar theanga oifigiúil eile de chuid an Aontais; i bhfianaise na gcineálacha dualgas a bheidh le comhlíonadh, teastaíonn eolas maith (leibhéal B2 ar a laghad mar a mheastar sin sa Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha⁽³⁾) ar an mBéarla nó ar an bhFrancis; measfar gur buntáiste é eolas sásúil ar a laghad a bheith ag iarrthóirí ar an gceann eile den dá theanga sin.

Maidir leis an ngá atá ann oifigeach a earcú ag a bhfuil na caighdeáin is airde ó thaobh inniúlachta, feidhmíochta agus ionracais de, caithfeadh cothromaíocht a aimsiú idir sin agus leas na seirbhíse, rud a éilíonn go mbeidh iarrthóirí in ann a bheith ag feidhmiú láithreach agus go mbeidh sé ar a gcumas cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach laistigh den institiúid ina gcuid oibre laethúla i gceann amháin de na teangacha is mó a úsáideann oifigigh agus bail foirne eile an Aontais mar theanga oibre inmheánach. Is modh comhréireach, dá bhrí sin, í an tástáil le linn an phróisis earcaíochta ar eolas na n-iarrthóirí ar theangacha chun a dheimhniú go bhfuil na cáilíochtaí is airde acu chun dualgais an Stiúrthóra a chomhlíonadh i dtimpeallacht oibre CnaR. Iarrthóirí a bhfuil ceann de na teangacha thuasluaite acu mar phríomhtheanga, iarrfar orthu le linn an agallaimh iad féin a chur in iúl go sásúil i dteanga oifigiúil eile nach í a bpríomhtheanga í.

Is buntáiste freisin iarrthóirí a bheith in ann iad féin a chur in iúl go héifeachtach i dteangacha oifigiúla eile de chuid an Aontais; is gá a thabhairt le fios sa dearbhú de mheon macánta (féach pointe 7.1 agus Agusín 1) go gcomhlíonann an t-iarrthóir na ceanglais maidir le heolas ar theangacha agus déanfar na scileanna sin a thástáil le linn an agallaimh (féach pointe 6).

5. An chéad scagadh incháilitheachta agus réamhroghnú

5.1. Is éard atá sa chéad scagadh incháilitheachta anailís a dhéanfaidh an bord roghnúcháin ar gach comhad a cuireadh isteach maidir leis an bhfógra folúntais seo chun comhlíonadh na gcritéir incháilitheachta atá leagtha síos i bpointe 4 a fhíorú. Beidh an Ardrúnaíocht de chúnamh ag an mbord roghnúcháin.

5.2. Réamhroghnú ar pháipéar

Is é a dhéanfar i gcéim an réamhroghnúcháin measúnú comparáideach ar thairbhí oibre na n-iarrthóirí incháilithe ar bhonn na faisnéise atá i gcomhaid na n-iarrthóirí.

Tabharfar tús áite d'iarrthóirí a bhfuil na nithe seo a leanas acu:

5.2.1. Scileanna ceannaireachta

- Tairbhí maidir le foirne ilchultúrtha a stiúradh (15 bhall foirne nó níos mó) lena n-áirítear aiseolas, measúnú foirne agus forbairt foirne;

⁽³⁾ <https://www.coe.int/en/web/common-european-framework-reference-languages/table-1-cefr-3.3-common-reference-levels-global-scale>

- Taithí ar mhaoirseacht laethúil a dhéanamh ar obair bainisteoirí, lena n-áirítear aiseolas, measúnú agus forbairt foirne;
- Taithí ar athruithe a bhainistiú agus ar mhodhanna oibre a bhaineann le sainchúraimí na Stiúrthóireachta a nuachóiriú (digitiú na bpróiseas riaracháin etc.)

5.2.2. Scileanna caibidlíochta agus cumarsáide

- Taithí ar chúrsaí cumarsáide agus ar chaidreamh poiblí, ar líonrú agus ar imeachtaí a óstáil;
- Taithí ar chaibidlíocht rathúil a dhéanamh maidir le tionscadail ar ghlac roinnt geallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha a bhfuil gné idirnáisiúnta ag baint leo páirt iontu.

5.2.3. Eolas agus taithí atá ábhartha do dhualgais an phoist

- Taithí oibre ar chruinnithe polaitiúla agus imeachtaí polaitiúla a eagrú, taithí a fuarthas, go hidéalach, i gcomhlacht idirnáisiúnta inar úsáideadh seirbhísí ateangaireachta agus córais vótála;
- Taithí ar thacaíocht airgeadais, theicniúil agus lóistíochtúil a chur ar fáil do rannpháirtithe;
- Eolas ar phróiseas cinnteoireachta an Aontais Eorpaigh agus taithí i réimse an chomhair idirinstiúidigh, i dtimpeallacht pholaitiúil más féidir;
- Eolas ar struchtúr agus ar fheidhmiú Choiste Eorpach na Réigiún;
- Taithí ar bheith ag plé le nósanna imeachta riaracháin agus buiséadacha, agus leis an gcreat dlíthiúil, lena rialaítear gníomhaíochtaí institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais.
- Bheadh taithí a fuarthas in institiúid/comhlacht eile de chuid an Aontais nó i gcomhlachas Eorpach/náisiúnta d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha nó i riarachán d'údarás réigiúnach nó áitiúil ina buntáiste;
- Bheadh taithí ar bheith ag obair le hionadaithe polaitiúla ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil ina buntáiste;
- Bheadh cúlra acadúil críochnúil agus taithí maidir le cúrsaí réamhamhairc agus taighde ina mbuntáiste;
- Mheasfaí gur buntáiste í taithí ar bheith ag obair mar oifigeach údarúcháin trí fho-tharmligean i gceann de na hinstitiúidí Eorpacha.

5.2.4. Cuirfear san áireamh sa réamhroghnú ar pháipéar freisin an spéis atá ag an iarrthóir dul i mbun dhualgais Stiúrthóir na Stiúrthóireachta um Chomhaltaí, Seisiúin Iomlánacha, agus Straitéis agus an tuiscint atá ag an duine ar na dúshláin a bheidh roimh an Stiúrthóireacht amach anseo, faoi mar a bheidh leagtha amach ina litir chumhdaigh, maille leis na smaointe atá aige/aici faoin gcaoi ar cheart aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin.

5.2.5. Tá CnaR i bhfabhar soghluaisteacht inmheánach laistigh den institiúid le himeacht ama; dá réir sin, is inmhianaithe freisin an cumas chun freagrachtaí bainistíochta sinsearaí eile a chur i gcrích.

6. Critéir roghnúcháin

Déanfar an roghnú trí agallamh agus lena linn sin cuirfidh an bord roghnúcháin (féach pointe 7.3.2) roinnt ceisteanna den chineál céanna ar gach iarrthóir le go bhféadfar meastóireacht chomparáideach a dhéanamh ar na hiarrthóirí a bheidh á mbreithniú ag an gcéim seo.

Beidh an t-agallamh dírithe go sonrath ar na nithe seo a leanas:

- eolas ar bheartais an Aontais Eorpaigh, ar leagan amach institiúideach an Aontais agus ar a mhodhanna oibre;
- cúlra agus cumais maidir le cúrsaí acadúla agus réamhamhairc;
- réimse taithí ar bheith ag obair d'institiúidí nó do chomhlachtaí an Aontais nó d'údaráis náisiúnta, áitiúla agus réigiúnacha;
- eolas agus tuiscint ar na húdaráis phoiblí áitiúla agus réigiúnacha, ar a líonraí agus ar an gcaidreamh a bhíonn acu le CnaR;

- scileanna bainistíochta, an cumas chun straitéisí nua a mhúnlú agus a chur chun feidhme, chun na cuspóirí a bheidh ag an Stiúrthóireacht um Chomhaltaí, Seisiúin Iomlánacha, agus Straitéis amach anseo a mhúnlú, chun na torthaí a bhfuiltear ag súil leo a chur i láthair agus a mhíniú agus chun comhoibriú go gníomhach le Stiúrthóireachtaí eile;
- inspregadh agus scileanna idirphearsanta;
- an cumas cumarsáid a dhéanamh, labhairt go poiblí, cás éifeachtach a dhéanamh agus dul i mbun caibidlíochta;
- meon na tionscnaíochta, cumas gníomhú go réamhghníomhach agus cumas cruthaithe acu gur féidir leo athrú a stiúradh agus a chur chun feidhme go rathúil;
- an cumas ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna CnaR ar an leibhéal idirinstiúideach.

Ar chúiseanna feidhmiúla agus d'fhonn an nós imeachta roghnúcháin a chur i gcrích a luaithe is féidir ar mhaithe leis na hiarrthóirí agus leis an institiúid, is i mBéarla nó i bhFraincis, de réir rogha an iarrthóra, a dhéanfar an t-agallamh. I gcás iarrthóirí arb iad an Béarla nó an Fhraincis a bpríomhtheanga, déanfar iad a thástáil freisin le linn an agallaimh féachaint an bhfuil eolas sásúil acu ar theanga oifigiúil eile de chuid an Aontais Eorpaigh. Ina theannta sin, déanfar measúnú le linn an agallaimh ar an gcumas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh i dteangacha oifigiúla eile de chuid an Aontais Eorpaigh (féach pointe 4).

Chun an leibhéal is airde éagsúlachta i measc bainisteoirí sinsearacha a áirithiú, más rud é go mbíonn an tuilleanas céanna ag roinnt iarrthóirí a bhfuil iarratas á dhéanamh acu faoin gcatagóir chéanna (Airteagal 29(1)(a), (b) nó Airteagal 29(2) in ord íslitheach tosaíochta), tabharfar tús áite d'iarrthóirí ar mná iad.

7. Céimeanna an nós imeachta

7.1. Comhaid iarratais a chur isteach

Ní ghlacfar ach le comhaid iarratais a chuirfear isteach go leictreonach i bhformáid pdf **nach mó ná 10 MB** chuig an seoladh seo a leanas: Recruitment.DirA@cor.europa.eu

Iarrthóirí atá faoi mhíchumas a chuireann bac orthu a n-iarratas a chur isteach ar líne, féadfaidh siad a n-iarratas a sheoladh tríd an bpost cláraithe chuig an seoladh: *Comité européen des régions, à l'attention du chef de l'unité Recrutement et carrière, rue Belliard 101 / Belliardstraat 101, 1040 Bruxelles/Brussel, Belgique/België*, agus “Confidentiel – avis de vacance – à ne pas ouvrir par le service courrier” marcáilte ar an gclúdach litreach, faoin sprioc-am atá luaite i bpointe 7.2 ar a dhéanaí, agus is é an postmharc a chruthóidh gur cuireadh sa phost faoin dáta sin iad. I gcás den sórt sin, beidh ar na hiarrthóirí teastas lena n-aithnítear a stádas mar dhuine faoi mhíchumas agus a d'eisigh comhlacht údaraithe a chur isteach lena n-iarratas. Iarrtar orthu freisin a chur in iúl i scríbhinn má tá aon rud ar leith a mheasann siad a bheith riachtanach le go bhféadfaidh siad páirt a ghlacadh sa nós imeachta earcaíochta. Is tríd an bpost a dhéanfar aon chumarsáid bhreise idir CnaR agus na hiarrthóirí sin. Forchoimeádan CnaR an ceart soiléiriú a iarraidh i dtaobh na ndoiciméad tacaíochta a iarrtar thíos.

Ní mór uimhir thagartha an fhógra folúntais (**COR/AD 14/5 BIS/21**) a lua sa cheannteideal sa chomhad iarratais agus an méid seo a leanas a bheith sa chomhad:

- litir chumhdaigh (cúig leathanach ar a mhéad), i mBéarla nó i bhFraincis, agus dáta agus síniú uirthi, inar cheart a lua an spéis atá ag an iarrthóir dul i mbun dhualgais Stiúrthóir na Stiúrthóireachta um Chomhaltaí, Seisiúin Iomlánacha, agus Straitéis agus an tuiscint atá ag an duine ar na dúshláin a bheidh roimh an Stiúrthóireacht amach anseo, maille leis na smaointe atá aige/aici faoin gcaoi ar cheart aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin.
- *Curriculum vitae* atá cothrom le dáta (i bhformáid Europass);
- an dearbhú de mheon macánta, agus dáta agus síniú air, (féach an fhoirm in Iarscríbhinn I) lena ndeimhnítear gur comhlíonadh na coinníollacha incháilitheachta a liostaítear i bpointe 4;
- an seicliosta atá in Iarscríbhinn II, agus dáta agus síniú air;
- cóip de dhoiciméad aitheantais;
- cóip den dioplóma ar a bhfuil an grád tugtha (féach pointe 4);
- cóipeanna den fhianaise ar thaithí ghairmiúil lenar féidir taithí an iarrthóra a fhíorú, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i bpointe 4;
- Iarscríbhinn III, agus dáta agus síniú air.

Seiceálfar comhlíonadh na gcritéar incháilitheachta a leagtar amach i bpointe 4 ar bhonn na faisnéise arna soláthar sna doiciméid tacaíochta, agus ar an mbonn sin amháin. Ní chuirfear an fhaisnéis a thugtar sa CV ná sa litir chumhdaigh san áireamh mura bhfuil doiciméid tacaíochta ag gabháil leis an bhfaisnéis sin.

Maidir leis an taithí ghairmiúil a iarrtar faoi phointe 4, ní mór cóipeanna den fhianaise ar thaithí ghairmiúil a chur ar fáil ina dtugtar le fios na cineálacha dualgas a bhí i gceist, an fad a mhair na poist agus an leibhéal freagrachta.

Is ar an dearbhú de mheon macánta a bhunófar an fíorú a dhéanfar air go bhfuil an t-iarrthóir ag comhlíonadh na gcritéar incháilitheachta maidir leis an eolas ar theangacha a iarrtar; déanfar leibhéal na scileanna teanga a scrúdú le linn an agallaimh (féach pointe 6 den fhógra folúntais).

Déanfar na hiarrthóirí incháilithe a réamhroghnú ar bhonn na gcritéar a leagtar amach i bpointe 5.2. Iarrtar ar na hiarrthóirí gach gné ábhartha dá dtaithí ghairmiúil a thabhairt le fios ina CV agus ina litir chumhdaigh ionas gur féidir leis an mbord roghnúcháin cinneadh a dhéanamh faoina mhéid a chomhlíonann na hiarrthóirí na ceanglais a leagtar amach san fhógra folúntais seo.

Nuair a bheidh an comhad iarratais á ullmhú, ní gá na cóipeanna a dheimhniú mar chóipeanna deimhnithe de na bundoiciméid.

Ní bhreithneofar comhaid iarratais neamhiomlána ná comhaid a chuirtear isteach tar éis don dáta deiridh chun iarratas a dhéanamh dul in éag nó comhaid nach gcloíonn leis na forálacha lena rialaítear an chaoi ar gá comhaid iarratais a chur isteach. Cuirfidh aon dearbhú bréagach faoi deara láithreach go bhfuil an t-iarratas ar neamhní.

Cuirtear in iúl d'iarrthóirí nach bhfuil cead acu teagmháil phearsanta a bheith acu le comhaltaí an bhoird roghnúcháin, ná iarraidh ar chomhaltaí CnaR nó ar chomhaltaí malartacha CnaR déanamh amhlaidh agus gur foras é sin le hiarrthóir a dhícháiliú as an bpróiseas roghnúcháin.

7.2. An dáta deiridh chun comhaid iarratais a chur isteach: Meán lae (am na Bruiséile) an 23 Aibreán 2021

Gheobhaidh na hiarrthóirí admháil trí ríomhphost go bhfuarthas a gcomhad iarratais. Déanfar comhaid iarratais a thagann tríd an bpost cláraithe i gcomhréir le pointe 7.1 a admháil tríd an bpost.

7.3. Grinnscrúdú ar na comhaid iarratais: an chéad scagadh incháilitheachta, an réamhroghnú agus an próiseas roghnúcháin

7.3.1. Bunaithe ar réamhanailís a bheidh déanta ag an Ardrúnaíocht, déanfaidh bord roghnúcháin incháilitheacht na n-iarrthóirí a mbeidh a n-iarratais curtha isteach acu faoin sprioc-am a mheasúnú ar bhonn na ndoiciméid tacaíochta a iarrtar faoi phointe 7.1.

7.3.2. Is iad a bheidh ar an bpainéal roghnúcháin Uachtarán CnaR, an chéad Leas-Uachtarán ar CnaR agus cathaoirligh na sé ghrúpa pholaitiúla (nó a n-ionadaithe) in CnaR. Beidh Ardrúnaí CnaR rannpháirteach ag gach céim den phróiseas roghnúcháin chun tacaíocht riaracháin agus dhlíthiúil a chur ar fáil don bhord roghnúcháin.

7.3.3. Fíoróidh an bord roghnúcháin ar dtús go bhfuil na coinníollacha incháilitheachta comhlíonta bunaithe ar an dearbhú de mheon macánta, an litir chumhdaigh, an CV agus na cóipeanna de na doiciméid atá liostaithe i bpointe 7.1 den fhógra folúntais seo. Tá na coinníollacha incháilitheachta a sheiceálfar ag an gcéim seo den nós imeachta liostaithe i bpointe 4.

Na hiarrthóirí sin a measfar nach bhfuil a n-iarratas incháilithe, cuirfear ar an eolas iad faoi sin.

7.3.4. Na hiarratais a ligfear isteach ag deireadh na céime a bhfuil cur síos uirthi sa phointe thuas, beidh siad faoi réir próiseas réamhroghnúcháin a chuirfidh an bord roghnúcháin i gcrích le cúnaimh ón Ardrúnaí. Is ar bhonn an chomhaid iarratais a dhéanfar sin. Ainmneacha na n-iarrthóirí sin is fearr a chomhlíonann na critéir atá leagtha síos i bpointe 5.2 den fhógra folúntais seo, cuirfear ar ghearrliosta iad ar a mbeidh **seacht n-ainm** ar a mhéad.

I bhfianaise an réamhroghnúcháin sin atá bunaithe ar na comhaid, iarrtar ar na hiarrthóirí na gnéithe sin dá CV a fhreagraíonn do na dualgais atá i gceist, dá n-ionspreagadh agus dá dtuairimí i leith na ndúshlán a bheidh roimh an Stiúrthóireacht um Chomhaltaí, Seisiúin Iomlánacha, Straitéis amach anseo a thabhairt le fios ina litir chumhdaigh.

7.3.5. Tabharfar cuireadh ansin do na hiarrthóirí atá ar an ngearrliosta freastal ar mheasúnú in "ionad measúnaithe". Cuirfear an clár agus an mhodheolaíocht don mheasúnú sin in iúl do na hiarrthóirí in am trátha. Is é a dhéanfar le linn an mheasúnaithe sin measúnú ar scileanna bainistíochta na n-iarrthóirí (bainistíocht faisnéise, tascanna, daoine, caidreamh idirphearsanta agus an cumas cuspóirí a bhaint amach). Is tuairim neamhcheangailteach é an measúnú seo a chuirfear ar fáil don bhord roghnúcháin roimh an agallamh.

7.3.6. Tar éis chéim an ionaid measúnaithe, tabharfar cuireadh do na hiarrthóirí céanna (atá ar an ngearrliosta) freastal ar agallamh leis an mbord roghnúcháin i gcomhréir le forálacha phointe 6. Le linn an phróisis sin, cuideoidh an tArdrúnaí leis an mbord roghnúcháin agus cuirfidh sé torthaí an ionaid measúnaithe os a gcomhair.

Tar éis an agallaimh, cinnfidh an bord roghnúcháin cén t-iarrthóir is oiriúnaí le dul i mbun dhualgais Stiúrthóir na Stiúrthóireachta um Chomhaltaí, Seisiúin Iomlánacha, agus Straitéis. Molfaidh an tArdrúnaí an t-iarrthóir sin don Bhiúro, agus féadfaidh an Biúro cuireadh chun éisteachta a thabhairt don iarrthóir sin.

Cuirfear na hiarrthóirí nár moladh le haghaidh ceapacháin ar an eolas faoi sin nuair a bheidh deireadh leis an bpróiseas.

I gcomhréir le Rialacha Nós Imeachta CnaR, braitheann ceapachán aon oifigigh i ngrád níos airde ná AD 12 ar vóta fabhrach ón mBiúro. I gcás vóta fabhrach, tabharfaidh an Biúro treoir d'Uachtarán CnaR an cinneadh lena gcumhdaítear ceapachán an iarrthóra a roghnaíodh a shíniú. I gcás nach vóta fabhrach é an vóta ón mBiúro, cuirfear deireadh leis an bpróiseas roghnúcháin gan aon iarrthóir a cheapadh.

Faoi chuimsiú an fhógra folúntais seo, scrúdóidh an tÚdarás Ceapacháin na féidearthachtaí chun an folúntas a líonadh i gcomhréir leis an ordú a leagtar amach in Airteagal 29 de na Rialacháin Foirne: scrúdú na n-iarratas faoi Airteagal 29(1)(a) (post le líonadh trí aistriú, trí cheapachán nó trí ardú céime), ansin faoi Airteagal 29(1)(b) (aistriú idir institiúidí), agus ar deireadh faoi Airteagal 29(2). Déanfar an t-ordú sin a chomhlíonadh ag gach ceann de na céimeanna a leagtar amach thuas.

8. Téarmaí earcaíochta

Más rud é gur cuireadh an t-iarratas isteach faoin bhfógra folúntais seo, déanfar an t-iarrthóir a roghnaíodh a cheapadh mar Stiúrthóir ar an Stiúrthóireacht um Chomhaltaí, Seisiúin Iomlánacha, agus Straitéis (grád AD 14).

Sula n-earcófar an duine sin, beidh ar an iarrthóir a roghnaíodh sliocht as an taifead coiriúil a sholáthar chun a léiriú go bhfuil na ceanglais reachtúla uile maidir le teistiméireachtaí carachtair comhlíonta aige nó aici.

9. Barúlacha

Déanfar an ceapachán ar choinníoll gur leor na cistí atá ar fáil dó.

Déanfar na sonraí pearsanta atá sna hiarratais a phróiseáil i gcomhréir leis an reachtaíocht Eorpach um chosaint sonraí.

Mar fhostóir, cuireann CnaR beartas maidir le comhionannas deiseanna i bhfeidhm, lena gcuirtear bac ar aon idirdhealú, agus tá sé tiomanta freisin an comhshaol a chosaint.

Amchlár sealadach:

Dáta deiridh le haghaidh iarratas:	23 Aibreán 2021
Seiceáil incháilitheachta +gearrliosta:	Bealtaine 2021
Ionad measúnaithe:	Deireadh mhí an Mheithimh/tús mhí Iúil 2021
Agallaimh:	Tús mhí Mheán Fómhair
Dáta earcaíochta:	Eanáir 2022

10. Gearáin

Beag beann ar an gceart atá acu gearán a dhéanamh faoi Airteagal 90(2), nó achomharc a dhéanamh le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne, féadfaidh iarrthóirí athbhreithniú inmheánach a iarraidh ar aon chinneadh a rinne an bord roghnúcháin má chuireann sé isteach go díreach agus láithreach bonn ar a stádas sa phróiseas roghnúcháin ar an ábhar nár comhlíonadh na rialacha lena rialaítear an próiseas roghnúcháin mar atá leagtha síos san fhógra folúntais. Ní mór an iarraidh sin a sheoladh trí ríomhphost (Recruitment.DirA@cor.europa.eu) laistigh de 5 lá oibre ón dáta a cuireadh an cinneadh in iúl don iarrthóir trí ríomhphost. Ní mór an cinneadh agus na forais ar a bhfuil an iarraidh bunaithe a lua inti.

Déanfaidh an bord roghnúcháin a chinneadh ina leith sin agus cuirfear freagra réasúnaithe chuig an iarrthóir in am agus i dtráth.

IARSCRÍBHINN I

FÓGRA FOLÚNTAIS Uimh. CnaR/AD 14/5 BIS/21

DEARBHÚ DE MHEON MACÁNTA

Airteagal 29(2)

AN tIARRTHÓIR

Sloinne agus céadainm:

Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis agus na doiciméid go léir a chuir mé san iarratas fíor agus iomlán.

Dearbhaím ar m'fhocal agus ar m'fhírinn ar an dáta deiridh le haghaidh iarratas:

- i. gur náisiúnach de cheann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh mé;
- ii. go bhfuil lánchearta mar shaoránach á dteachtadh agam;
- iii. go bhfuil aon oibleagáidí atá orm faoi na dlíthe a bhaineann le seirbhís mhíleata comhlíonta agam;
- iv. go gcuirfidh mé ar fáil na teistiméireachtaí carachtair is gá chun na dualgais a chomhlíonadh;
- v. go bhfuilim, a mhéid is eol dom, corpacmhainneach chun na dualgais atá beartaithe a chomhlíonadh;
- vi. go bhfuilim faoi bhun na haoise scoir a dtiocfaidh éifeacht léi, i gcás oifigigh agus bhail foirne eile an Aontais Eorpaigh, ag deireadh na míosa sin ina mbeidh mé 66 bliana d'aois;
- vii. go bhfuil agam leibhéal ardoideachais arb ionann é agus timthriall iomlán staidéir ollscoile dar críoch céim a bhaint i gcás inar mhair gnáthfhad na tréimhse staidéir sin ceithre bliana nó níos mó, nó leibhéal oideachais arb ionann é agus timthriall iomlán staidéir ollscoile dar críoch céim a bhaint agus tréimhse bliana ar a laghad de thaithí ghairmiúil ábhartha ina dhiaidh sin i gcás inar mhair gnáthfhad na tréimhse staidéir sin trí bliana ar a laghad;
- viii. go bhfuil agam taithí ghairmiúil cúig bliana déag ar a laghad i réimse a bhaineann leis an bpost. As na cúig bliana déag thuasluaite, chaith mé cúig bliana díobh ar a laghad i bpost bainistíochta (cineál poist: ceann aonaid nó a choibhéis nó níos airde);
- ix. go bhfuil sáreolas agam ar cheann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh mar phríomhtheanga agus eolas sásúil ar a laghad ar theanga oifigiúil eile de chuid an Aontais Eorpaigh;
- x. go bhfuil eolas maith ar a laghad agam ar an mBéarla nó ar an bhFraincis (Leibhéal B2).

Is dlúthchuid den chomhad iarratais an dearbhú seo agus an seicliosta agus is gá iad a chur isteach in éindí leis an litir chumhdaigh uaim.

Is eol dom:

— go ndiúltófar do m'iarratas mura seolfaidh mé na doiciméid a iarradh i gcomhréir leis na socrúithe atá leagtha síos san fhógra folúntais;

— go ndéanfar m'iarratas a neamhniú láithreach má tá aon dearbhú bréagach san iarratas.

Dáta:

Síniú:

IARSCRÍBHINN II

FÓGRA FOLÚNTAIS Uimh. CnaR/AD 14/5 BIS/21

SEICLIOSTA

Airteagal 29(2)

AN tIARRTHÓIR

Sloinne agus céadainm:

Dearbhaím go bhfuil na doiciméid seo a leanas san áireamh sa chomhad iarratais (cuir X sna boscaí ábhartha):

	TÁ	NÍL
1. Cóip de dhiplóma ollscoile lena bhfianaítear tréimhse staidéir ceithre bliana nó níos faide nó Cóip de dhiplóma ollscoile lena bhfianaítear tréimhse staidéir trí bliana nó níos faide agus Taithí ghairmiúil chúí bliana ar a laghad	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
2. Fianaise ar thaithí ghairmiúil 15 bliana, agus cúig bliana díobh sin ar a laghad i bpost bainistíochta (cineál poist: ceann aonaid nó a choibhéis nó níos airde)	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
3. Cóip de dhoiciméad oifigiúil aitheantais	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
4. Litir chumhdaigh (5 leathanach ar a mhéad) i mBéarla nó i bhFraincis	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
5. CV i bhformáid Europass i mBéarla nó i bhFraincis	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
6. Dearbhú de mheon macánta, agus dáta agus síniú air	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

Dáta:

Síniú:

IARSCRÍBHINN III

FORÁLACHA MAIDIR LE HIARRATAÍ AR ATHBHREITHNIÚ – ACHOMHAIRC – GEARÁIN CHUIG AN OMBUDSMAN EORPACH – COMHIONANNAS DEISEANNA – ROCHTAIN AR DHOICIMÉID – COSAINT SONRAÍ PEARSANTA**IARRATAÍ AR ATHBHREITHNIÚ**

Is féidir athbhreithniú a iarraidh más rud é:

- nár chloígh an bord roghnúcháin leis na forálacha lena rialaítear an nós imeachta roghnúcháin;
- nár chloígh an bord roghnúcháin leis na forálacha lena rialaítear a chuid oibre.

Is ceart a thabhairt faoi deara go bhfuil sciar maith rogha ag an mbord roghnúcháin agus measúnú á dhéanamh acu féachaint an bhfuil na freagraí a thug tú ceart nó mícheart agus a mhéid atá siad ceart nó mícheart. Ní fiú, dá bhrí sin, do chuid mharcanna a chonspóid mura rud é go ndearnadh earráid shoiléir dlí nó earráid shoiléir fríce.

Ní mór duit an iarraidh chuí-réasúnaithe uait a chur isteach laistigh de chúig lá oibre ón dáta a seoladh an ríomhphost lenar diúltaíodh an post duit. Seoltar í chuig an seoladh céanna agus a seoladh an t-iaratas. Cuirfidh an Roinn Acmhainní Daonna an litir ar aghaidh chuig comhaltaí an bhoird roghnúcháin a scrúdóidh í agus tiocfaidh siad ar chinneadh laistigh de chúig lá oibre.

Is gá na sonraí seo a leanas a lua i líne an ábhair sa litir:

- uimhir an fhógra folúntais,
- “iarraidh ar athbhreithniú” (“demande de réexamen”),
- an chéim lena mbaineann sa phróiseas roghnúcháin (incháilitheacht, réamhroghnú, etc.).

Is ceart a thabhairt faoi deara nach féidir aon iarraidh ar athbhreithniú a chur isteach tar éis an agallaimh.

ACHOMHAIRC

Má chreideann tú, le linn céim ar bith den nós imeachta roghnúcháin, gur ghníomhaigh CnaR nó an bord roghnúcháin go héagothrom nó nár chloígh siad le forálacha an fhógra folúntais, agus go bhfuil tú faoi mhíbhuntáiste mar thoradh air sin, féadfaidh tú gearán riaracháin a dhéanamh faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh trí ríomhphost a sheoladh chuig an Ardrúnaí ag an seoladh ríomhphoist feidhmiúil seo: Recruitment.DirA@cor.europa.eu

Is gá na sonraí seo a leanas a lua i líne an ábhair sa litir:

- uimhir an fhógra folúntais,
- gearán faoi Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne (“réclamation article 90, paragraphe 2, du statut”),
- an chéim lena mbaineann sa phróiseas roghnúcháin (incháilitheacht, réamhroghnú, toradh deiridh, etc.).

Is ceart a thabhairt faoi deara go bhfuil sciar maith rogha ag an mbord roghnúcháin.

Ní fiú gearán a chur isteach i gcoinne chinneadh an bhoird roghnúcháin toisc go bhfuil siad iomlán neamhspleách agus nach féidir leis an Údarás Ceapacháin a gcinntí a chur ar ceal. Níl an sciar maith rogha atá acu faoi réir seiceálacha ach amháin i gcás sárú soiléir ar na rialacha lena rialaítear a gcuid oibre. Sa chás sin, féadfar agóid a dhéanamh i gcoinne cinneadh de chuid an bhoird roghnúcháin díreach os comhair Chúirt Bheithiúnais an Aontais Eorpaigh gan gearán a bheith déanta roimh ré faoi Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne. Faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne, is féidir achomharc a chur chuig:

An Chúirt Ghinearálta
Boulevard Konrad Adenauer
2925 Luxembourg
Lucsamburg

Tá sonraí faoin gcaoi le hachomharc a dhéanamh le fáil ar shuíomh gréasáin na Cúirte Ginearálta (https://curia.europa.eu/jcms/jcms/jfo2_7033/en/).

Maidir leis an dá nós imeachta thuas, tosóidh tréimhse na teorann ama ar an dáta a chuirtear an cinneadh is ábhar don achomharc in iúl duit.

GEARÁIN CHUIG AN OMBUDSMAN EORPACH

Mar shaoránach den Aontas Eorpach, féadfaidh tú gearán a chur chuig:

An tOmbudsman Eorpach
1, avenue du Président Robert Schuman
CS 30403
67 001 Strasbourg
An Fhrainc
<https://www.ombudsman.europa.eu/ga/home>

Tugtar faoi deara maidir le gearáin a dhéantar leis an Ombudsman Eorpach nach mbeidh éifeacht fionraíochta ar bith acu maidir leis an tréimhse a leagtar síos in Airteagal 90(2) agus in Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne i ndáil le gearáin nó le hachomhairc a dhéanamh leis an gCúirt Ghinearálta faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Tugtar faoi deara freisin nach mór dul i muinín nósanna imeachta riaracháin cuí n-institiúidí agus na gcomhlachtaí lena mbaineann sula ndéanfar gearán ar bith leis an Ombudsman de réir Airteagal 2(4) de na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman.

COMHIONANNAS DEISEANNA

Féachfaidh CnaR chuige nach ndéanfar idirdhealú de chineál ar bith le linn an phróisis roghnúcháin. Tá beartas maidir le comhionannas deiseanna i bhfeidhm aige agus glacann sé le hiarratais gan aon idirdhealú bunaithe ar inscne, cine, dath, bunadh eitneach nó sóisialta, saintréithe géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairimí polaitiúla nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, gnéaschlaonadh, stádas pósta nó staid teaghlaigh.

Iarrtar ar iarrthóirí atá faoi mhíchumas aon riachtanais speisialta atá acu a chur in iúl i nóta séalaithe faoi rún a bheidh curtha isteach lena n-iarratas. Is go discrídeach a dhéileálfar leis an iarraidh sin agus ní choimeádfar aon taifead di.

IARRTHÓIRÍ AG IARRAIDH ROCHTAIN AR DHOICIMÉID A BHAINNEANN GO DÍREACH LEO

Tá ceart ar leith ag iarrthóirí rochtain a fháil ar fhaisnéis áirithe a bhaineann go díreach agus go leithleach leo.

Féadfaidh iarrthóirí a fuair cuireadh freastal ar an ionad measúnaithe agus ar an agallamh ó bhéal cóip den tuairisc ar an measúnú a bhaineann go sonrach leo a fháil, ach sin a iarraidh. Ní cheadaítear iarraidh ar chóipeanna a chur isteach go dtí go mbeidh deireadh leis an bpróiseas roghnúcháin.

Déileálfar le hiarrataí i gcomhréir leis an gceanglas go mbeidh obair an bhoird roghnúcháin faoi rún agus i gcomhréir leis na rialacha maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil.

COSAINT SONRAÍ PEARSANTA

Cinnteoídh CnaR ina cháil mar an comhlacht atá freagrach as an bpróiseas roghnúcháin a eagrú go bpróiseálfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí, go háirithe maidir le rúndacht agus slándáil, díreach mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾.

Cuireann Oifigeach Cosanta Sonraí CnaR feidhm chomhairleach neamhspleách ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2018/1725 agus tá sé ina cheangal ar an Oifigeach sin clár lárnach a choimeád de gach taifead ar ghníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta a dhéanann an institiúid.

Ní dhéanfar sonraí pearsanta a bhailiú ná a phróiseáil ach amháin chun an próiseas roghnúcháin seo a eagrú agus chun an toradh a bhainistiú (lena n-áirítear gnéithe a bhaineann le haon iniúchadh inmheánach nó seachtrach nó le haon imeachtaí dlíthiúla a bhaineann leis an bpróiseas roghnúcháin); más ábhartha, cuirfear sonraí áirithe le comhad pearsanta na n-iarrthóirí sin ar éirigh leo agus a thiocfaidh chun bheith ina n-oifigigh.

Is iad seo a leanas faighteoirí na sonraí:

- an fhoireann atá i gceannas ar an nós imeachta earcaíochta laistigh den Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna agus Airgeadas;
- comhaltaí an bhoird roghnúcháin;

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lth. 39).

- i gcás inarb infheidhme, an tSeirbhís Dlí;
- i gcás inarb infheidhme, an tseirbhís iniúchóireachta inmheánaí, an Chúirt Iniúcháirí, na húdaráis araíonachta, OLAF agus an Chúirt Bhreithiúnais.

Tá sé de cheart ag na hiarrthóirí, de bhun iarraidh ar chearta rochtana agus ceartúcháin, a sonraí a rochtain, a athrú, a léirsciosadh agus a agóid (seoladh ríomhphoist: Recruitment.DirA@cor.europa.eu).

Tá rochtain ag na hiarrthóirí ar a n-iarratas agus tá sé de cheart acu é a cheartú:

- maidir leis na doiciméid lena léirítear incháilitheacht, go dtí an dáta deiridh le haghaidh iarratas;
- maidir le sonraí céannachta, gan aon teorainn ama.

An ceart sonraí a agóid agus a léirsciosadh: laistigh de chúig lá oibre tar éis an iarraidh a fháil.

Déanfaidh an roinn riaracháin atá freagrach doiciméid a bhaineann leis an bpróiseas roghnúcháin (lena n-áirítear doiciméid a bhaineann leis na hiarrthóirí ar diúltaíodh dóibh) a choimeád go ceann cúig bliana tar éis an t-iarrthóir is oiriúnaí a earcú (tá údar leis an tréimhse sin toisc go bhféadfadh gá a bheith ann freagra a thabhairt ar nós imeachta iniúchóireachta).

Scríosfar aon doiciméid a bhaineann le hiarraidh maidir le míchumas tar éis dheireadh an phróisis roghnúcháin, mura rud é gur tabhaíodh costais mar thoradh ar an iarraidh sin, agus sa chás sin coimeádfar iad ar feadh cúig bliana (tá údar leis an tréimhse sin toisc go bhféadfadh gá a bheith ann freagra a thabhairt ar nós imeachta iniúchóireachta).

A luaithe a bheidh an tréimhse choinneála caite, scríosfar na doiciméid.

Tarraingítear aird na n-iarrthóirí air go bhfuil an rogha acu teagmháil a dhéanamh tráth ar bith le hOifigeach Cosanta Sonraí CnaR: data.protection@cor.europa.eu, agus leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí: edps@edps.europa.eu.

Faighte ag an iarrthóir:

Dáta: Síniú: